**PREASEISIÚINT Uimh. 176/22**

**Lucsamburg, an 8 novembre 2022**

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-873/19 | *Deutsche Umwelthilfe (Cineálcheadú mótarfheithiclí)*

# Ní mór do chomhlachais cheadaithe um chosaint an chomhshaoil a bheith i dteideal imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne cineálcheadú CE ar fheithiclí atá feistithe le "feistí sáraithe" a d'fhéadfadh a bheith toirmiscthe

*Is feiste sháraithe toirmiscthe é bogearraí a fheistítear ar fheithiclí díosail a laghdaíonn éifeachtacht an chórais rialaithe astaíochtaí ag gnáth-theocht agus don chuid is mó den bhliain*

Thug Deutsche Umwelthilfe, comhlachas um chosaint an chomhshaoil atá i dteideal imeachtaí dlí a thionscnamh de réir na reachtaíochta Gearmánaigh, caingean os comhair Chúirt Riaracháin Schleswig-Holstein i gcoinne chinneadh Oifig Chónaidhme um Thrácht ar Mhótarfheithiclí, an Ghearmáin, lena n-údaraítear, i gcás feithiclí áirithe de bhranda Volkswagen [1], úsáid a bhaint as bogearraí a laghdaíonn athshruthú gás truaillithe ag brath ar an teocht lasmuigh.

Bunaigh na bogearraí atá i gceist fuinneog theochta faoina bhfuil an ráta athshruthaithe gáis sceite 0% nuair a bhí an teocht lasmuigh faoi -9 gcéim Celsius, ó 85% nuair a bhí sé idir -9 agus 11 céim Celsius, agus méadaithe thar 11 céim Celsius le bheith ag feidhmiú 100% sa chás go raibh an teocht lasmuigh os cionn 15 céim Celsius amháin. Mar sin, laghdaítear an ráta athshruthaithe gáis sceite go 85% nuair a shroichtear na meánteochtaí sa Ghearmáin, arb é 10.4 céim Celsius do 2018.

De réir Deutsche Umwelthilfe, is feiste sáraithe é fuinneog theochta den sórt sin atá toirmiscthe ag dlí an Aontais.

Áitíonn Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an cosantóir sna príomhimeachtaí, nach bhfuil seasamh ag Deutsche Umwelthilfe chun agóid a dhéanamh i gcoinne an cinneadh atá á chonspóid lena modhnaítear cineálcheadú CE, agus go bhfuil a caingean doghlactha dá bhrí sin. Ina theannta sin, tá an fhuinneog theochta atá i gceist ag luí le dlí an Aontais.

Agus í in amhras faoin dá phointe sin, d'iarr Cúirt Riaracháin Schleswig-Holstein ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh, ar thaobh amháin, ar Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil, arna léamh i gcomhar le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), agus, ar an taobh eile, Rialachán Uimh. 715/2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí.

De réir a breithiúnais inniu, freagraíonn an Chúirt Bhreithiúnais, **ar an gcéad dul síos**, nach mór **Coinbhinsiún Aarhus, arna léamh i gcomhar leis an gCairt**, a léiriú sa chaoi go **gcuirtear cosc leis ar chomhlachas um**

[1] Feithiclí múnla VW Golf Plus TDI, atá feistithe le hinneall díosail de chineál EA 189 de ghlúin Euro 5.

**chosaint an chomhshaoil atá i dteideal imeachtaí dlí a thionscnamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agóid a dhéanamh os comhair cúirt náisiúnta i gcoinne cinnidh riaracháin lena ndeonaítear nó lena modhnaítear cineálcheadú CE contrártha leis an toirmeasc ar úsáid feistí sáraithe** a laghdaíonn éifeachtúlacht na gcóras rialaithe astaíochtaí.

Go deimhin, le Coinbhinsiún Aarhus, arna léamh i gcomhar leis an gCairt, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú agus toirmisctear orthu gach féidearthacht faireachán ar dhéanamh ar chomhlíonadh chaighdeáin áirithe de dhlí comhshaoil an Aontais a bhaint de chomhlachais den sórt sin.

Ar an dara dul síos, maidir leis an bhfuinneog theochta atá i gceist, meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais gur chinn sí cheana féin, maidir le fuinneog theochta den chineál sin [2], **gur "feiste sáraithe" í feiste lena n-áirithítear go gcomhlíontar na luachanna teorantacha astaíochta ach amháin nuair atá an teocht sheachtrach idir 15 agus 33 céim Celsius** agus airde an tráchta níos lú ná 1,000 méadar.

De réir Rialachán Uimh. 715/2007, tá toirmeasc ar úsáid feistí sáraithe lena laghdaítear éifeachtacht na gcóras rialaithe astaíochtaí. Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin, áfach, **féadfar bonn cirt a thabhairt go heisceachtúil d'fheiste sháraithe má suitear go bhfreagraíonn an fheiste sin go docht don ghá rioscaí láithreacha damáiste nó tionóisce don inneall a eascraíonn as mífheidhmiú ceann de na comhpháirteanna den chóras athshruthaithe gáis sceite, ar mhífheidhmiú é a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le contúirt nithiúil agus an fheithicil atá feistithe leis an bhfeiste chéanna á tiomáint, a sheachaint.** Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fháil amach an amhlaidh atá.

Thairis sin, mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin freisin, níl ann don "gá" le haghaidh feiste sháraithe den chineál sin, **ach amháin i gcás**, tráth chineálcheadú CE na feiste sin nó na feithicle atá feistithe léi, **nach bhfuil ann d'aon réiteach teicniúil eile chun cosc a chur ar rioscaí láithreacha damáiste nó tionóisce don inneall a gcruthófar contúirt nithiúil agus an fheithicil atá feistithe leis an bhfeiste chéanna á tiomáint.**

Ar aon chuma, meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais, fiú dá mbeadh an gá atá i gceist ann, **go bhfuil an fheiste sáraithe sin toirmiscthe dá mba cheart di, faoi ghnáthchoinníollacha tiomána, oibriú ar feadh an chuid is mó den bhliain.** D'fhéadfadh sé go gcuirfí an eisceacht i bhfeidhm níos minice ná an toirmeasc dá nglacfaí le feiste den sórt sin agus go n-eascródh dochar díréireach don phrionsabal féin maidir le teorannú ar astaíochtaí ocsaíde nítrigine (NOx).

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir de chraoladh an bhreithiúnais ar fáil ó "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106

Bígí nasctha!

[2] Breithiúnais na Cúirte Breithiúnais an 14 Iúil 2022, *GSMB Invest*, C-128/20, *Volkswagen*, C-134/20, agus *Porsche Inter Auto agus Volkswagen*, C-145/20 (féach freisin CP Uimh. 124/22).